RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/92 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Eanáir 2025

lena gcuirtear allmhairí clóiríde coilín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Deireadh Fómhair 2024, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh'), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí clóiríde coilín isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis gearán a chuir tionscal an Aontais isteach an 17 Meán Fómhair 2024 thar cheann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán clóiríde coilín an Aontais acu.

1. TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(3) Is í clóiríd choilín ('CC'), i ngach foirm agus íonacht, bíodh sí ar iompróir nó ná bíodh, an táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann'), ag a bhfuil íoschion clóiríde coilín 30 % de réir meáchain, seachas teitrihiodráit chlóiríde choilín fosfairile chailciam ag a bhfuil uimhir CAS 72556-74-2, atá aicmithe faoi láthair faoi chóid AC ex 2923 10 00, ex 2309 90 31, ex 2309 90 96, ex 2106 agus 3824 99 96 (cód breise TARIC 89ID) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. CLÁRÚ

(4) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe chun a áirithiú go bhféadfar na dleachtanna sin a ghearradh go cúlghabhálach, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina mbeadh torthaí ar na himscrúduithe as a dtiocfadh forchur dleachtanna frithdhumpála.

(5) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa Rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

(6) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(7) De réir na ríomhanna arna soláthar sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar corrlaigh dhumpála idir 26 % agus 121 % agus meánleibhéal díothaithe díobhála idir 85 % agus 86 % a bheith ann le haghaidh an táirge lena mbaineann sa tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024. De ghnáth, dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle den dá leibhéal sin de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(8) Mar sin féin, ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir a bheith ag súil leis an leibhéal iarbhír dliteanais a bhunófar mar thoradh ar an imscrúdú a bheith bunaithe orthu.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2024/6602, 31.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6602/oj.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(9) Aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, ordaítear do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí clóiríde coilín isteach san Aontas a chlárú, i ngach foirm agus íonacht, bíodh sí ar iompróir nó ná bíodh, ag a bhfuil íoschion clóiríde coilín 30 % de réir meáchain, seachas teitrihiodráit chlóiríde choilín fosfairile chailciam ag a bhfuil uimhir CAS 72556-74-2, atá aicmithe faoi láthair faoi chóid AC ex 2923 10 00, ex 2309 90 31, ex 2309 90 96, ex 2106 agus 3824 99 96 (cód breise TARIC 89ID) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).